Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6133/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0024 (NLE)**

**MAR 17**
**TRANS 77**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 41 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 41 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 41 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.2.2021
COM(2021) 41 final

2021/0024 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) agus ag an gcéad seisiún iomlánach eile den Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) i ndáil leis an gcaighdeán atá beartaithe a ghlacadh maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice agus an caighdeán maidir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. CCNR agus CESNI

Is eagraíocht idirnáisiúnta é an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR.

Leis an gCoinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 1868 in Mannheim, sainítear an creat dlíthiúil lena rialaítear úsáid na Réine mar uiscebhealach intíre le haghaidh loingseoireachta agus leagtar síos cumhachtaí CCNR. An leagan den Choinbhinsiún is infheidhme faoi láthair, ba thoradh é ar Choinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a glacadh an 20 Samhain 1963, agus a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967. Reáchtáiltear cruinnithe iomlánacha dhá uair sa bhliain. Ionadaithe ar Bhallstáit CCNR a dhéanann freastal orthu. Is é an cruinniú iomlánach comhlacht cinnteoireachta CCNR. Is sa chruinniú iomlánach a ghlactar rúin an Choimisiúin Lárnaigh agus a dhéantar rialacháin theicniúla an Choimisiúin Lárnaigh a chur in oiriúint agus a leasú. Tá vóta amháin ag gach Ballstát CCNR, agus is d'aon toil a dhéantar na cinntí. Tá na rúin seo ceangailteach ó thaobh dlí. Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR.

In 2015, ghlac CCNR rún lenar cruthaíodh coiste Eorpach chun caighdeáin choiteanna a ullmhú i réimse na loingseoireachta intíre (Comité Européen pour l'Élaboration de Standards dans le Domaine de Navigation Intérieure [an Coiste Eorpach um Ullmhú Caighdeán i Réimse na Loingseoireachta Intíre] – CESNI). Sa mhisean atá aige cuimsítear caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, le teicneolaíocht faisnéise agus criú, léirmhíniú comhionann na gcaighdeán sin agus na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Tá CESNI comhdhéanta de shaineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit CCNR agus ar Bhallstáit den Aontas a bhfuil cearta vótála acu ar bhonn vóta amháin in aghaidh an Stáit. Níl an tAontas ina chomhalta de CESNI. Is féidir leis, áfach, páirt a ghlacadh in obair CESNI, agus in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a gcuimsítear ina misean na réimsí lena mbaineann CESNI, gan cearta vótála.

## 2.2. An gníomh atá beartaithe ag CESNI agus CCNR

Ag a chéad chruinniú iomlánach eile, glacfaidh CESNI caighdeán maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice (ref. cesni 20_04) agus caighdeán maidir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga (ref. cesni 20_39).

Le Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoracha 91/672/CEE agus 96/50/CE ón gComhairle[1] tabharfar isteach rialacha comhchuibhithe i réimse na gcáilíochtaí gairmiúla i loingseoireacht intíre san Eoraip agus bunaítear caighdeáin áirithe i réimse na gcáilíochtaí gairmiúla. Ní cheanglaítear an dá chaighdeán thuasluaite leis an Treoir ach is chun go n-éascófar cur chun feidhme na gceanglas a thagann faoi raon feidhme na Treorach agus chun comhchuibhiú a spreagadh a d'fhorbair CESNI iad.

I gcomhréir le hIarscríbhinn I Threoir (AE) 2017/2397, is gá bunoiliúint sábháilteachta a chríochnú de réir ceanglais náisiúnta chun teastas cáilíochta an mhairnéalaigh deice a fháil. Le caighdeán CESNI maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalach deice, sainítear ceanglais go bhféadfadh Ballstáit CESNI a leanúint amhail a gceanglais náisiúnta chun go n-áiritheofar an leibhéal céanna cáilíocht sheirbhíse.

I gcomhréir le hIarscríbhinn II Threoir (AE) 2017/2397, ceanglaítear ar bhádóirí agus ar mháistrí báid leas a bhaint as frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gcásanna ina mbeadh fadhbanna cumarsáide. Le caighdeán CESNI maidir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga cuirtear córas cumarsáide mionsonraithe den sórt sin ar bun.

Rinne saineolaithe de chuid CESNI an dá chaighdeán seo a ullmhú in 2019 agus in 2020 agus bheartaigh Coiste CESNI ag a chruinniú an 30 Aibreán 2020 go ndéanfaidh sé a nglacadh a sceidealú ag an gcéad chruinniú eile.

D'ullmhaigh saineolaithe CESNI (CESNI/QP grúpa oibre) an caighdeán maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice agus le haghaidh frásaí cumarsáide caighdeánaithe faoi chláir oibre CESNI 2016-2018 agus 2019-2021. Tugadh aghaidh ar an ábhar seo agus bhíothas in ann teacht ar chomhaontúar leibhéal CESNI trí na cruinnithe teicniúla seo a leanas:

- cruinnithe oibre (24.05.2018; 6-7.10.2018; 08.05.2019; 11.09.2019; 06.11.2019; 06.02.2020; 22.04.2020) agus
- cruinniú Coiste (30.04.2020).

Tá rochtain (chosanta) ag gach Ballstáit ar na dréachtchaighdeáin thuasluaite trí bhíthin suímh gréasáin thiomnaithe (cesni.eu).

Déanfar caighdeáin ES-QIN (Caighdeáin Eorpacha maidir le Cainníochtaí i réimse na Loingseoireachta Intíre) a nuashonrú chun an dá chaighdeán nua seo a ionchorprú.

Glacfaidh CCNR rún chun an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeáin ES-QIN a chur san áireamh, lena n-áirítear an dá chaighdeán seo, sa Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin.

---

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch.53).

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

An cinneadh lena leagtar síos seasamh an Aontais, tá gá leis chun a áirithiú go dtabharfar leasanna an Aontais san áireamh mar is iomchuí agus cinntí á nglacadh maidir leis na caighdeáin maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice agus le haghaidh frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga. Tagann an t-ábhar faoi inniúlacht an Aontais ós rud é gurb é is aidhm do na caighdeáin seo éascú a dhéanamh ar ar chur chun feidhme na Treorach (AE) 2017/2397.

Is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas tacú le glacadh an dá chaighdeán seo ós rud é go gcuirfear leis an leibhéal is airde sábháilteachta a choinneáil ar bun ar bun i réimse na loingseoireachta intíre agus go spreagfar comhchuibhiú leis na caighdeáin seo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cibé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[2].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

CESNI agus CCNR mar aon, is comhlachtaí iad a cuireadh ar bun faoi chomhaontú idirnáisiúnta.

Cé nach bhfuil na rialacha a ghlacann CESNI ceangailteach *per se*, éireoidh siad ceangailteach ar chomhaltaí CCNR a luaithe a dhéanfaidh CCNR a chreat reachtach (Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin.) a mhodhnú chun tagairt a dhéanamh do chaighdeáin a ghlac CESNI, modhnú lena ndéanfar na caighdeáin sin éigeantach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin. Leagtar síos i gCoinbhinsiún Mannheim an 17 Deireadh Fómhair 1868 ceangailteacht na Rialachán sin ar chomhaltaí CCNR.[4].

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach an seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI agus CCNR maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre.

---

2 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

3 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4 An Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú an 20 Samhain 1963.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le comhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2021/0024 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre agus sa Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin an 17 Deireadh Fómhair 1868, a leasaíodh leis an gCoinbhinsiún lena leasaítear an Coinbhinsiún Athbhreithnithe maidir le Loingseoireacht ar an Réin, a glacadh an 20 Samhain 1963, tháinig sé i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967.

(2) De bhun Airteagal 17 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) ceanglais a ghlacadh i réimse na gcáilíochtaí gairmiúla.

(3) An Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre ('CESNI'), cruthaíodh é an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CCNR chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(4) Meastar go nglacfaidh CESNI, ina chéad chruinniú eile in Aibreán 2021, an caighdeán maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice lena leagtar síos ceanglais oiliúna a d'fhéadfadh Ballstáit a leanúint mar a gceanglais náisiúnta agus an caighdeán maidir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe i gceithre theanga chun go bhféadfaidh bádóirí agus máistrí báid dul i ngleic le cásanna ina mbeadh fadhbanna cumarsáide. Tá sé mar aidhm ag an dá chaighdeán éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(5) Thairis sin, tá sé beartaithe go nglacfaidh CCNR rún, ag a chéad seisiún iomlánach eilelena leasófar an Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireacht ar an Réin chun go mbeidh tagairt ann do chaighdeáin ES-QIN (Caighdeáin Eorpacha maidir le Cáilíochtaí i réimse na Loingseoireachta Intíre) lena n-áirítear caighdeán CESNI

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n-aisghairtear Treoir 91/672/CEE agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice agus caighdeán CESNI maidir le frásaí cumarsáide caighdeánaithe.

(6) Le caighdeáin CESNI maidir le bunoiliúint sábháilteachta le haghaidh mairnéalaigh deice agus leis an gcaighdeán maidir le frásaí cumarsáide, ba cheart go gcuideofaí leis an leibhéal is airde sábháilteachta a choinneáil ar bun i réimse na loingseoireachta intíre agus ba cheart go spreagfaí comhchuibhiú i gcomhthéacs Threoir (AE) 2017/2397.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI agus in CCNR a bhunú.

(8) Níl an tAontas ina chomhalta de CCNR ná de CESNI. Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí de na comhlachtaí sin, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Ag an seisiún iomlánach den Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) ina socrófar na Caighdeáin Eorpacha maidir le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre dar tagairt cesni (20)_04 agus cesni (20)_39, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh aontú le glacadh na gcaighdeán sin.

2. Ag an seisiún iomlánach den Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) ina nglacfaidh CCNR rún lena leasófar an Rialachán maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin chun go mbeidh tagairt ann do Chaighdeáin Eorpacha maidir le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre, chomh maith le tagairtí do cesni (20)_04 agus do cesni (20)_39, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú le gach togra lena ndéantar ceanglais an Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin a ailíniú le ceanglais na gCaighdeán Eorpach maidir le cáilíochtaí gairmiúla i réimse na loingseoireachta intíre.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de CESNI, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur in iúl.

2. Déanfaidh Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de CCNR, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan an Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*